



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006

## STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS 1815 – 1992

Scrúdú scríofa: 400 marc

Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc

DÉ CÉADAOIN, 14 MEITHEAMH, TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50

### *Treoracha d'Iarrthóirí:*

Freagair Roinn 1, 2 agus 3 istigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist doiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 2)

Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 3, 4, 5 agus 6.

Freagair topaic amháin as an roinn seo.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5 agus 6.

Freagair na ceistanna ar gach ceann de dhá thopaic as an roinn seo.

## ROINN 1: CEIST DOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 2*

### Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:

***Cumann Lúthchleas Gael (CLG) go 1891***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1.
  - (a) Mar atá ráite i ndoiciméad A, cad chuige ar tionóladh cruinniú in Óstán Uí Aoidh, i nDurlas ar an 1 Samhain, 1884?
  - (b) As doiciméad A, ainmnigh an bheirt fhear a ghlaoigh an cruinniú.
  - (c) As doiciméad A, ainmnigh beirt de na fir a bhí ina bpátrúin ar CLG ina dhiaidh sin.
  - (d) I ndoiciméad B, cén fhianaise a thugann an scríbhneoir leis an tuairim a bhí aige go raibh CLG ag éirí an-lag i Rannán na bPóilíní sa Tuaisceart?
  - (e) I ndoiciméad B, cén chúis a thugann an scríbhneoir, ar cháin an chléir Chaitliceach go poiblí CLG i Rannán na bPóilíní sa Tuaisceart? (40)
  
2.
  - (a) Cén doiciméad nach bhfuil ann ach fíricí agus cén doiciméad ina bhfuil fíricí agus tuairimí?
  - (b) Cén doiciméad, A nó B, is mó a lochtaíonn CLG? Mínigh do fhreagra agus tú ag tagairt don dá dhoiciméad. (20)
  
3.
  - (a) Ainmnigh dhá thréith i ndoiciméad A ar ghnáth iad a fháil i dtuarascáil nuachtáin.
  - (b) An foinse phríomha nó foinse thánaisteach é doiciméad B? Mínigh do fhreagra. (20)
  
4. I ndoiciméad B, deir an scríbhneoir gur gairid go dtitfidh CLG as a chéile. An raibh an réamhaisnéis sin ceart dar leat? Mínigh do fhreagra. (20)

**- Doiciméad A -**

**Cumann Lúthchleas Gael (CLG) á bhunú i nDurlas ar 1 Samhain 1884**

Tionóladh cruinniú lúthchleasaithe agus cairde leis an lúthchleasaíocht ar a trí a chlog Dé Sathairn in Óstán Tráchtála Iníon Uí Aodha, i nDurlas d'fhonn cumann a bhunú chun ár gcaithimh aimsire náisiúnta a chaomhnú agus a chothú.

Ba iad Micheál Cíosóg as Baile Átha Cliath agus Muiris Ó Daibhín as Carraig na Siúire a thionóil an cruinniú leis an gcioclán seo a leanas: 'Iarrtar go dúthrachtach ort freastal ar chruinniú a thionólfar i nDurlas ar an 1 Samhain, chun tús a chur le Cumann Lúthchleas Gael chun ár gcaithimh aimsire náisiúnta a chaomhnú agus a chothú agus chun.....fóillíocht a chur ar fáil do phobal na hÉireann le linn scíthe.'

Glaodh ar an Uasal Ó Daibhín chun bheith ina chathaoirleach agus léigh an tUasal Cíosóg an ciorclán a thionóil an cruinniú. Ar mholadh ón Uasal Cíosóg agus le cuidiú ón Uasal de Paor, ainmníodh an tArdeaspag Cróc, an tUasal Parnell agus an tUasal Dáibhid mar phátrúin ar an eagraíocht nua....

*'The Cork Examiner', 3 Samhain, 1884 (aistrithe ón mBéarla).*

**- Doiciméad B -**

**Tuarascáil na bPóilíní ón gCigire Ceantair Reeves ar staid CLG,  
24 Aibreán, 1890**

Tá CLG ag éirí an-lag sa Rannán (Póilíní) seo. Tá ina iomláine 58 brainse ann, ach níl 30 díobh sin nasctha (comhcheangailte) leis an mbrainse lárnach agus tá an cumann de shíor ag dul ar gcúl. Um an dtaca seo anuraidh bhí 154 brainse nó mar sin sa Rannán seo.

Tá an oiread sin cáineadh á dhéanamh ag an gcléir CR (Caitliceach Rómhánach) ar an gcumann ar fud an Tuaiscirt mar gheall ar an mbaint atá aige leis an IRB (Bráithreachas Poblachtach na hÉireann) nach féidir leis na hionsaithe sin a sheasamh agus is gairid go dtitfidh sé as a chéile.....

*Tuarascálacha míosúla an Bhrainse Speisialta, Rannán an Tuaiscirt (aistrithe ón mBéarla).*

## ROINN 2: ÉIRE

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann amháin de na topaicí thíos.

*Éire: Topaic 1*

**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta : 10 nóiméad*

Sliocht é seo, a bhfuil eagar déanta air, as ráiteas toghchánaíochta Dhónaill Uí Chonaill in 1828. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*CHUIG TOGHTHÓIRÍ CHONTAE AN CHLÁIR* Baile Átha Cliath, Meitheamh 1828

*A Chomhthírigh,*

*Tá ionadaí ag teastáil ó bhur gcontae. Impím le dea-mhéin oraibh vótáil ar mo shon.*

*Maidir le mo chuid cáilíochtaí, fágaim fúibh é breith a thabhairt orthu. As an taithí atá agam ar labhairt go poiblí agus as blianta fada i mbun gnóthaí poiblí, tá mé oiriúnach chun freastal ar riachtanais na hÉireann sa Pharlaimint.*

*Déarfai libh nach bhfuilim cáilithe le toghadh: ach a chairde, níl a leithéid fíor. Tá mé cáilithe le toghadh agus le bheith mar ionadaí agaibhse.*

*Is fíor nach féidir liom, mar Chaitliceach, na mionnaí a thabhairt a éilítear ar fheisirí na Parlaiminte faoi láthair agus ní thabharfaidh mé riamh iad; ach an t-údarás (an Parlaimint) a chruthaigh na mionnaí seo, is féidir leis fáil réidh leo.*

*Agus tá muinín dhainceán agam, má thoghann sibh mé, go bhfeicfidh an dream is biogóidí dár naimhde gur gá an bac a thógáil as an tslí, a bheadh do mo chosc ó mo dhualgas a chomhlíonadh do mo Rí agus do mo thír.*

1. Cén bonn atá ag Ó Conaill lena ráiteas go bhfuil sé oiriúnach le bheith ina ionadaí ag muintir an Chláir?
2. Cén fáth a ndéir Ó Conaill nach dtabharfaidh sé na mionnaí riamh a éilítear faoi láthair ar fheisirí na Parlaiminte?
3. Cad a deir Ó Conaill atá ar chumas na Parlaiminte a dhéanamh maidir leis na mionnaí?
4. Cén chaoi a bhfuil muinín dhainceán ag Ó Conaill faoi cad a tharlóidh nuair a thogfar ina fheisire Parlaiminte é?
5. Cén chaoi a raibh sé ar chumas Uí Chonaill suí sa Pharlaimint in 1829?

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta : 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Tomás Dáibhéis agus Éire Óg.
2. Forbairt tionsclaíochta i mBéal Feirste.
3. Seicteachas sa pholaitíocht.
4. An Mháthair Mary Aikenhead agus oideachas na mbochtán.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta : 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén bheartaíocht ar bhain Ó Conaill feidhm aisti le haghaidh Reipéal Acht an Aontais agus cén fáth ar theip ar an bhfeachtas?
2. Cé chomh mór agus a d'éirigh le hiarrachtaí príobháideacha (neamhrialtais) fónamh a dhéanamh do dhaoine i rith an Ghorta Mhóir?
3. Cad iad na cinntí a rinneadh i Sionad Dhurlais in 1850?
4. Cén pháirt a ghlac Charles Kickham agus/nó James Stephens chun poblachtachas le láimh láidir a chur chun cinn in Éirinn?

*Éire: Topaic 3*  
**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

A (30 marc)  
*Uasmhéid ama molta : 10 nóiméad*

Seo iad torthaí an olltoghcháin, Meitheamh 1922.  
Déan staidéar ar na torthaí agus freagair na ceistanna thíos.

*TORTHAÍ AN OLLTOGHCHÁIN, MEITHEAMH 1922*

<i>PÁIRTÍ</i>	<i>SUÍOCHÁIN</i>
<i>Sinn Féin ar thaobh an Chonartha</i>	58
<i>Sinn Féin i gcoinne an Chonartha</i>	35
<i>Lucht Oibre</i>	17
<i>Feirmeoirí</i>	7
<i>Aontachtaithe</i>	4
<i>Neamhspleáigh</i>	7

1. Ó tharla nár ghlac teachtaí Shinn Féin a bhí i gcoinne an Chonartha lena gcuid suíochán sa Dáil, cén grúpa teachtaí a d'fhéadfadh rialtas a chur le chéile le móramh iomlán?
2. Cén rud a léiríonn na torthaí maidir le dearcadh na dtoghthóirí ar an gConradh?
3. Ó na torthaí, an dóigh leat gurb é an díospóireacht ar an gConradh an t-aon ní a bhí ag déanamh buartha do na toghthóirí? Mínigh do fhreagra.
4. I ndiaidh an toghcháin i Meitheamh 1922, chuir na teachtaí a bhí ar thaobh an Chonartha páirtí polaitíochta nua ar bun. Cén t-ainm a bhí ar an bpáirtí nua?
5. Ainmnigh éacht mhór amháin de chuid an rialtais nua Éireannaigh i rith na ndeich mbliana a raibh sé i gcumhacht idir 1922 agus 1932.

B (30 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. An Chuntaois Markievicz.
2. An Cogadh Cathartha, 1922-1923.
3. An tionchar a bhí ag an Dara Cogadh Domhanda ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí.
4. Éachtaí ealaíona Evie Hone.

C (40 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén pháirt a ghlac Pádraic Mac Piarais i gcúrsaí na hÉireann?
2. Cad iad na socrúithe ar thángthas orthu le linn idirbheartaíocht an Chonartha, Deireadh Fómhair 1921 – Nollaig 1921?
3. Cad iad na slite inar éirigh le Comhdháil Chorp Chríost, 1932?
4. Cén chaoi a raibh tionchar ag an Dara Cogadh Domhanda ar Éirinn, Thuaidh agus Theas?

*Éire: Topaic 4*  
**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

A (30 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht é seo, a bhfuil eagar déanta air, ina bhfuil cur síos ar an leatrom a bhí á dhéanamh ar na hÉireannaigh in Albain sa chéad leath den 20ú haois. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Tá leatrom ag rith trí na céimeanna go léir i saol na tíre ón oibrí láimhe is ísle go dtí na gairmeacha.*

*Chun sampla amháin a ghlacadh: le caoga bliain anuas tá líon níos mó in aghaidh na bliana de Ghaeil-Albanacha tar éis freastal ar Ollscoileanna na hAlban. Ón uair a ritheadh an tAcht Oideachais i 1918, is gá go mbeadh na cáilíochtaí múinteoireachta céanna acu is a bhíonn ag a gcomhghleacaithe protastúnacha. Ina ainneoin sin, sna poist arda riaracháin sa ghairm sin - an chigireacht, stiúrthóireacht an oideachais agus an mhaoirseoireacht agus mar sin de - rachaidh duine ag cuardach gan toradh ar Chaitliceach Éireannach a mbeadh post dá leithéid aige.*

*Tá scéal den chineál céanna le hinsint ag fiaclóirí agus ag dochtúirí de bhunú Caitliceach agus Éireannach.*

J.E. Handley, 'The Irish in Modern Scotland', Cork and Oxford University Presses, 1947.

1. Cad a thuigeann tú leis an téarma *leatrom*?
2. De réir an údair, cé chomh forleathan is a bhí an leatrom i gcoinne na nÉireannach a raibh cónaí orthu in Albain?
3. Cén fhianaise a thugann an sliocht chun a thaispeáint go raibh leatrom i ngairm na múinteoireachta in Albain?
4. Seachas an mhúinteoireacht, cén ghairm ina raibh leatrom á dhéanamh ar na hÉireannaigh?
5. Cén fáth a ndeachaigh an oiread sin Éireannach ar imirce go dtí an Bhreatain idir 1840 agus 1966?

B (30 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. John Devoy.
2. An imirce le linn na ndeich mbliana den Ghorta Mór, 1845-1855.
3. An tOrd Oráisteach i gCeanada agus san Astráil.
4. Maureen O'Hara nó Domhnall Mac Amhlaigh.

C (40 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na slite inar éirigh le turas de Valera go Meiriceá, Meitheamh 1919- Nollaig 1920, agus cad iad na slite inar theip ar an turas céanna?
2. Cén pháirt a ghlac muintir Chinnéide i bpolaíocht SAM?
3. Cén aidhm a bhí ag misean Ord an Spioraid Naoimh sa Nigéir, 1945- 1966, agus conas a d'éirigh leis?
4. Cén chaoi ar chuidigh an Mháthair Mary Martin le leigheas agus le cúram sláinte sna tíortha a bhí i mbéal forbartha?

*Éire: Topaic 5*  
**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

A (30 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht é seo as cuntas Margaret Thatcher ar an gComhaontú Angla-Éireannach, 1985. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ag a 2 a chlog tráthnóna ar an Aoine 15 Samhain shínigh Garret FitzGerald (Taoiseach na hÉireann) agus mé féin an Comhaontú Angla-Éireannach i gCaisleán Chromghlinne.*

*Ní raibh sé foirfe ó cheachtar den dá thaobh. In Airteagal 1 den chomhaontú dúradh nach dtiocfadh aon athrú ar stádas Thuaisceart Éireann ach amháin le cead ó mhóramh na ndaoine i dTuaisceart Éireann agus glacadh leis nár mhian leis an móramh ag an am go mbeadh aon athrú maidir le stádas na cúige.*

*Chreid mise go ndéanfadh an géilleadh mór seo ó na hÉireannaigh a dhearbhu do na hAontachtaithe nach raibh aon amhras ann maidir leis an Aontas. Cheap mé, ó tharla cáil a bheith ar mo dhearcadh ar an sceimhlitheoireacht Éireannach, go mbeadh muinín acusan (na hAontachtaithe) as an rud a bhí ar intinn agam a dhéanamh. Bhí mé mícheart ina thaobh sin.*

*Ach bhí dul amú ar na hAontachtaithe chomh maith. Na modhanna a d'úsáid siad i gcoinne an chomhaontaithe, rinne siad an cás níos measa agus laghdaigh siad go mór ar an meas a bhí orthu sa chuid eile den Ríocht Aontaithe.*

*Tugadh cead sa chomhaontú do Rialtas na hÉireann tuairimí agus moltaí a chur chun cinn maidir le Tuaisceart Éireann i gcás réimsí fairsinge ábhar, agus slándáil san áireamh. Margaret Thatcher, 'The Downing Street Years', Harper Collins, 1993.*

1. Cathain a síníodh agus cén áit ar síníodh an Comhaontú Angla-Éireannach?
2. Cad a dúradh in Airteagal 1 maidir le stádas Thuaisceart Éireann?
3. Cén fáth a gceapann Margaret Thatcher go raibh dul amú ar na hAontachtaithe?
4. Cad a chéadaigh an Comhaontú Angla-Éireannach do Rialtas na hÉireann a dhéanamh maidir le Tuaisceart Éireann?
5. Dar leatsa, ar theip ar an gComhaontú Angla-Éireannach nó ar éirigh leis? Tabhair cúis le do fhreagra.

B (30 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Comhaontú Sunningdale, 1973.
2. Terence O'Neill, Príomh-Aire Thuaisceart Éireann.
3. An tionchar a bhí ag "na Trioblóidí" ar gheilleagar agus ar shochaí Thuaisceart Éireann.
4. An dearcadh ar "na Trioblóidí" i bhfilíocht Seamus Heaney.

C (40 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén pháirt a ghlac Bernadette Devlin i bpolaitíocht Thuaisceart Éireann?
2. Cén fáth a raibh conspóid ann nuair a roghnaíodh Cúl Raithin mar ionad d'Ollscoil nua?
3. Cén pháirt a ghlac Printísigh Dhoire i gcúrsaí Thuaisceart Éireann?
4. Cé chomh tábhachtach is a bhí ceann amháin nó níos mó díobh seo i bpolaitíocht Thuaisceart Éireann: claonroinnt; seicteachas; éacúiméineachas; féiniúlacht chultúrtha?

*Éire: Topaic 6*  
**An rialtas, an gilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

A (30 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht é seo, a bhfuil eagar déanta air, ina molann T.K. Whitaker Seán Lemass. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Caithfidh mé a rá gur mhór agus gur thaitneamhach an t-iontas é nuair a thréig Rialtas Fhianna Fáil an fhéinchothaitheacht agus an cosantas chomh héasca sin tar éis dóibh a bheith tugtha chomh mór sin do na polasaithe sin roimhe sin.*

*Níl aon amhras ach gurb é Lemass a bhí taobh thiar de sin ar fad. D'admhaigh daoine go doicheadh nach mbeadh an t-athrú tar éis teacht chomh tapa sin gan brú ó Lemass agus is dócha gan beannacht de Valera.*

*Ba náisiúnaí é Lemass sa chiall gur theastaigh uaidh go mbeadh ionad creidiúnach ag Éirinn sa domhan mór, ach ní dóigh liom go raibh sé i gcoinne dhearcadh traidisiúnta de Valera. Is é an chaoi a raibh sé ná go raibh mífhoighne áirithe air i dtaobh an dearcaidh sin ar eagla gur bac a bheadh ann ar an athrú, an t-athrú a bhí ag teastáil uaidh.*

*Ní raibh aon chlár i gcomhair athrú cultúrtha ag Lemass. Is é an aidhm a bhí aige, ar aon dul go deimhin leis an aidhm a bhí agam féin, bhí sé dírithe ar fheabhas a chur ar chúrsaí eacnamaíochta agus sóisialta.*

J. F. McCarthy, Eag., "Planning Ireland's Future: The Legacy of T.K. Whitaker"  
Baile Átha Cliath, 1990.

1. Cén fáth gur thaitneamhach an t-iontas é do Whitaker an gníomh a rinne Rialtas Fhianna Fáil?
2. Cé dó a dtugann Whitaker an chreidiúint as an athrú a thabhairt i gcrích chomh tapa sin?
3. Cén chaoi a raibh difríocht idir na tuairimí a bhí ag Lemass agus na tuairimí a bhí ag de Valera?
4. Cad iad na réimsí ina raibh na tuairimí céanna ag Lemass agus ag Whitaker?
5. Cén fáth a raibh an oiread sin gá le hathrú sa Phoblacht i ndeireadh na 1950idí?

B (30 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Athruithe san oideachas agus/nó i gcúrsaí sláinte agus soláthar leasa shóisialaigh.
2. An tArdeaspag John Charles McQuaid.
3. An pháirt a ghlac Éire sna Náisiúin Aontaithe.
4. An tionchar a bhí ag CEE ar iascach na hÉireann.

C (40 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén tionchar ar gheilleagar na Poblachta a bhí ag an gCéad Chlár um Fhairsingiú Geilleagrach, 1958-1963?
2. Cé chomh tábhachtach is a bhí Sylvia Meehan agus/nó Mary Robinson le hathruithe i stádas na mban a bhaint amach ó na 1960idí i leith?
3. Cé chomh tábhachtach is a bhí tionchar RTÉ ar shochaí na hÉireann idir 1962 agus 1972?
4. Cén pháirt a ghlac Garret FitzGerald agus/nó Charles Haughey i gcúrsaí poiblí?

**ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR**  
**Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*  
**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht é seo, a bhfuil eagar déanta air, a tógadh as Reacht Shár Alexander II na Rúise. Sa reacht seo tugann sé fuascailt (saoirse) do na seirfigh, 3 Márta, 1861. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Tar éis cabhair Dé a lorg, táimid tar éis cinneadh ar an tasc seo a chur i gcrích. Na huaisle, agus cead acu a gcearta sealúchais ar an talamh go léir a bhí acu a choimeád, tá siad ag tabhairt cead go deo do na tuathánaigh a gcuid talamh agus a gcuid tithe a úsáid mar mhalairt ar dhualgas áirithe; agus na huaisle...tá siad ag bronnadh méid áirithe talún fóna ar na tuathánaigh, rud a leagfar síos de réir an tsocraithe thuas.*

*Chomh maith le cead a bheith tugtha do na tuathánaigh a gcuid tithe agus a gcuid talún a cheannach, is féidir leo lánsealúchas a fháil ar an talamh maith, a thabharfar dóibh, chun é a úsáid go buan as seo amach.*

*Ina dhiaidh sin scaoilfear saor na tuathánaigh óna gcuid oibleagáidí do na huaisle as an talamh a bheidh ceannaithe acu, agus beidh siad ina saorshealbhóirí talún tuaithe.*

1. Cad a bhí i gceist ag an Sár nuair a d'eisigh sé an reacht?
2. Cé air a lorgaíonn an Sár cabhair sula gcinneann sé ar na seirfigh a fhuascailt sa Rúis?
3. Cén cineál talún a chaithfidh na huaisle a bhronnadh ar sheirfigh na Rúise?
4. An laghdaíonn bronnadh na talún seo cearta na n-uasal? Mínigh do fhreagra.
5. Ar éirigh le fuascailt na seirfeach sa Rúis nó ar theip air? Mínigh do fhreagra.

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. An Iodáil ag dul i dtreo aontais.
2. Charles Darwin.
3. An méid a rinne Georges Haussmann do chathair Pháras.
4. Forbairtí i gcúrsaí eolaíochta, 1815-1871.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na cúiseanna a bhí le Réabhlóid 1848 sa Ghearmáin?
2. Cad iad na príomhthréithe a bhí ag sráidbhaile samplach Robert Owen in New Lanark?
3. Cén chaoi ar chuidigh Otto von Bismarck le haontú na Gearmáine?
4. Le linn do Napoléon III a bheith i réim sa Fhrainc, cad iad na slite inar éirigh leis agus cad iad na slite inar theip air?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*  
**Stáit náisiúin agus teannais idirnáisiúnta, 1871-1920**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad.*

Sliocht é seo as agallamh a thug an Kaiser Wilhelm II don *Daily Telegraph* as Londain i 1908. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Impireacht nua atá ag fás is ea an Ghearmáin. Tá cúrsaí gnó agus tráchtála aici ar fud an domhain atá ag leathadh go tapa. Ní theastaíonn ó thírghráthóirí Gearmánacha aon teorainn a chur leis na nithe sin.*

*Caithfidh cabhlach cumhachtach a bheith ag an nGearmáin chun an gnó agus an tráchtáil sin a chosaint chomh maith leis na leasanna éagsúla atá aici fiú sna farraigí is faide ó bhaile. Is suim léi nithe i bhfad i gcéin.*

*Ní éistfeair go measúil ach le cumhachtaí a bhfuil cabhlaigh mhóra acu nuair a thioctfaidh an t-am go mbeidh todhchaí an Chianoirthir á réiteach agus mura bhfuil ann ach an chúis sin amháin, caithfidh cabhlach de longa cumhachtacha a bheith ag an nGearmáin.*

*Tharlódh sé fós go mbeadh áthas ar Shasana é féin go mbeidh cabhlach ag an nGearmáin nuair a bheidh siad araon ag labhairt ar an taobh céanna sna díospóireachtaí móra amach anseo.*

1. Tabhair dhá chúis a thugann an Kaiser Wilhelm go gcaithfidh cabhlach cumhachtach a bheith ag an nGearmáin.
2. Cén chaoi a dtugtar le tuiscint san agallamh go bhfuil sé i gceist ag an nGearmáin a bheith ina cumhacht dhomhanda?
3. Dar le Kaiser Wilhelm, cad a chaithfidh a bheith ag tír ionas go bpléifidh tíortha eile go measúil léi?
4. An gceapann an Kaiser Wilhelm go mbeidh aon deacracht le Sasana nuair a bheidh an Ghearmáin ina cumhacht mhór mara? Mínigh do fhreagra.
5. Cén chaoi ar ghlac Sasana le polasaí mara an Kaiser Wilhelm II?

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. An Pápa Leo XIII.
2. Muintir Krupp sa Ghearmáin.
3. Douglas Haig agus an Chéad Chogadh Domhanda.
4. Na forbairtí ba thábhachtaí san eolaíocht agus sa leigheas sna blianta idir 1871 agus 1920.

C (40 marks)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh maith is a d'éirigh le polasaí eachtrach Bismarck?
2. Cén pháirt a ghlac mná sa líon saothair i rith an Chéad Chogaidh Dhomhanda?
3. Cén chaoi ar chuidigh Uachtarán Wilson Mheiriceá leis an tsíocháin san Eoraip?
4. Cén tionchar a bhí ag fionnachtain agus luathstair an ghluaisteáin ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar sna blianta roimh 1920?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*  
**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Pictiúr X ar leathanach 15, is cartún é a léiríonn an Comhaontú Neamhionsaitheach Naitsí-Shóivéadach, 1939. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

1. Ainmnigh an bheirt cheannairí a thaispeántar sa chartún.
2. Taispeánann an cartún an bheirt cheannairí ag máirseáil le chéile. Cén fáth, dar leat, a bhfuil siad ceangailte agus iad cos ar chois le chéile?
3. Cén fáth a bhfuil lámh ag gach duine den bheirt acu ar a ghunna, dar leat?
4. Briseadh an Comhaontú Neamhionsaitheach Naitsí- Shóivéadach i Meitheamh 1941. Cén chaoi ar briseadh an comhaontú?
5. Tabhair cúis mhór amháin ar briseadh ar Ghearmáin na Naitsíoch sa Dara Cogadh Domhanda.

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Stát Vichy sa Fhrainc idir 1940 agus 1945.
2. Winston Churchill.
3. An Frith-Ghiúdachas agus an tUileloscadh.
4. Charlie Chaplin nó Bing Crosby.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na slite inar éirigh le Benito Mussolini i rith a réime agus cad iad na slite inar theip air?
2. Cén tábhacht a bhain le seó-thrialacha Stalin sa Rúis Shóivéadach?
3. Cén chaoi ar léirigh Máirseáil Jarrow fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta na Breataine tionsclaíche sna 1930idí?
4. Cén chaoi ar spreag Slógaí Nuremberg tacaíocht do réim na Naitsithe sa Ghearmáin?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*  
**Easaontas agus ath-ailíniú san Eoraip, 1945-1992**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Féach Pictiúr Y **ar leathanach 15**. Is cartún é ina léirítear Géarchéim na hOla i 1973. Taispeánann sé ceannaire Arabach agus soc pumpa peitрил dírithe aige faoi mar a bheadh gunna á bhagairt ar cheannairí cheithre thír iartharacha. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

1. Cén fáth, dar leat, a bhfuil soc pumpa peitрил á úsáid ag an gceannaire Arabach in ionad gunna?
2. Cén fáth, dar leat, a bhfuil baol ar leith do na ceithre thír sin de bharr ghníomh na nArabach?
3. Cén fáth nach bhfuil aon ní á dhéanamh ag na ceithre thír de thoradh na bagairte?
4. Cad ba chúis le Géarchéim na hOla i 1973?
5. Ainmnigh slí amháin ina raibh tionchar ag Géarchéim na hOla ar gheilleagar na dtíortha in Iarthar na hEorpa.

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Mar a thosaigh an Cogadh Fuar san Eoraip.
2. An Stát Leasa Shóisialaigh.
3. Margaret Thatcher.
4. An tionchar a bhí ag an gcumhacht núicléach, 1945-1992.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na cúiseanna a bhí le hÉirí Amach na hUngáire i 1956?
2. Cén chaoi ar chuidigh Jean Monnet agus/nó Jacques Delors le haontacht na hEorpa?
3. Cén tionchar ar an gCaitliceachas san Eoraip idir 1965 agus 1992 a bhí ag an méid a socraíodh ag Dara Comhairle na Vatacáine?
4. Cén tábhacht a bhain le Mikhail Gorbachev mar cheannaire ar an Rúis Shóivéadach?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*  
**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht é seo, a bhfuil eagar déanta air, mar gheall ar na himeachtaí roimh astarraingt na Breataine ón bPalaistín i 1948. Tógadh é as cuimhní cinn Hugh Dalton, Seansailéir Státhiste na Breataine. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ar an 17 Eanáir, 1947 seo a scríobh mé i mo dhialann:*

*“Maidir leis an bPalaistín, tá cuid againn tar éis a bheith ag iarraidh críochdheighilt a chur i bhfeidhm. Ní féidir ligean don chás faoi mar atá sé faoi láthair leanúint ar aghaidh níos faide. Caithfidh stát Giúdach a bheith ann - níl aon mhaith a bheith ag déanamh ionadh de sin - fiú má bhíonn sé beag, ar a laghad beidh smacht acu ar a gcuid inimirce féin, sa chaoi is go mbeidh siad ábalta a lán Giúdach a ligean isteach, rud atá ag teastáil uathu go damanta agus go marfach...”*

*Iad sin, na Giúdaigh, d’úsáid siad cailín dathúil chun dhá sháirsint óga na Breataine a sháinníú agus chroch siad i bhfáschoill ológ iad... agus ina dhiaidh sin chaill mé aon bhá a bhí agam leis na Giúdaigh sa Phalaistín.”*

*Ar an 24 Feabhra, 1947 scríobh mé:*

*“Tá Bevin (Aire Gnóthaí Eachtracha na Breataine) tar éis níos mó ná bliain a mheilt agus dála a chruthú do thrúpaí na Breataine nach féidir cur suas leo mar gur fhan sé go dtí seo chun an fhadhb thruamhéalach seo a chur chuig na Náisiúin Aontaithe...”*

*Lean an scéal thruamhéalach ar aghaidh go dtí an 14 Bealtaine nuair a tháinig deireadh le húdarás na Breataine an Phalaistín a rialú agus tháinig Stát Iosrael ar an saol.*

H. Dalton, ‘High Tide and After: Memoirs of Hugh Dalton, 1945 – 1960’, Frederick Muller, 1962.

1. Cén réiteach a bhí ag Dalton ar cheist na Palaistíne ar an 17 Eanáir?
2. Cén ócáid ba chúis le Dalton an bhá a bhí aige leis na Giúdaigh sa Phalaistín a chailleadh?
3. Dar le Dalton, conas a chruthaigh Bevin dála do na trúpaí Briotanacha sa Phalaistín nach bhféadfaí a sheasamh?
4. Cén réiteach a bhí ag na Náisiúin Aontaithe ar cheist na Palaistíne?
5. Ar ghlac na hArabaigh sa Phalaistín agus sa Mheán-Oirthear le réiteach na Náisiúin Aontaithe? Tabhair cúis le do fhreagra.

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo:

1. Ho Chi Minh.
2. Eagraíochta neamhrialtasacha (NGO-anna).
3. David Ben-Gurion.
4. Leathadh an Ioslamachais agus na Críostaíochta san Afraic.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na deacrachtaí a bhí ag rialtas na Breataine agus cinneadh á dhéanamh acu astarraingt ón India i 1947?
2. Cén pháirt a ghlac Gamal Abdul Nasser i nGéarchéim Shuais 1956?
3. Cén fáth ar bhris Cúige Katanga ón gCongo agus cén tionchar a bhí aige sin ar gheilleagar an réigiúin?
4. Conas a bhí, agus cén fáth a raibh, deacrachtaí sa Fhrainc maidir le caidreamh ciníoch i rith na 1980idí?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*  
**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Clár fógraíochta os comhair tionscadail tithíochta sna Stáit Aontaithe atá i bPictiúr Z ar **leathanach 15**. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

1. Cén chuid de na Stáit Aontaithe (tuaisceart nó deisceart) ba dóichí a mbeadh an clár fógraíochta seo le feiceáil ann? Tabhair cúis le do fhreagra.
2. Cé acu ceann de na téarmaí seo a leanas is fearr a dhéanann cur síos ar éileamh an chine ghil faoi mar a thaispeántar ar an gclár fógraíochta é: leithlisiú; dí-leithlisiú; ceannasaíocht an chine ghil; ceannasaíocht an chine dhuibh? Tabhair cúis le do fhreagra.
3. Tabhair cúis amháin a thug Meiriceánaigh gheala i dtaobh cén fáth nár theastaigh uathu go mbeadh Meiriceánaigh dhubha ina gcónaí ina measc.
4. Scríobh abairt **amháin** ina bhfuil firicí faoi Martin Luther King.

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. An chorparáid ilnáisiúnta Mheiriceánach.
2. Betty Friedan agus athruithe ar ról na mban sa saol.
3. Cultúr na hóige i Meiriceá na linne seo.
4. Tuirlingt ar an ngealach, 1969.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*


Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth a raibh baghchat na mbusanna i Montgomery (1956) chomh tábhachtach sin i scéal ghluaiseacht na gcearta sibhialta?
2. Cad iad na polasaithe a lean an tUachtarán Johnson maidir leis an gCogadh i Vítneam?
3. Cé chomh tábhachtach is a bhí Marilyn Monroe agus/nó Muhammad Ali i gcultúr Mheiriceá na linne seo?
4. Conas a bhí, agus cén fáth a raibh, cáil chomh mór sin ar Billy Graham mar cheannaire creidimh sna Stáit Aontaithe?

X



Y



Z



# Leathanach Bán